

❖ An Lúibín ❖

18 Iúil 2005



Tá sé cool

Cool has escaped from English and found a home in other languages, bringing with it a world of modern meaning.

Tá a deirfiúr ina cónaí sa Bheilg agus tugann sí cuairt ar an tír sin ó am go chéile; ach an uair seo bhí sí oibrithe. Áit ar bith a rachfá ann, bhí an fhocal *cool* le cloisteáil, rud nár thaitin léi: *C'est cool, c'est cool!*

Tá go leor mionbhríonna le cool ar deacair iad a chur in iúl in aon teanga ar bith eile le haon fhocal amháin: galánta, suas chun dáta, faiseanta, in éineacht le tarraingteach nó ar fheabhas. *Don't worry, it's cool* - Ná bíodh imní ort, tá sé i gceart. *She's cool about it* – Ní chuireann sé lá buartha uirthi. Is fada nach rabhas i mBaile Átha Cliath, ach thabharfainn an leabhar go mbíonn *Tá sé cool* i mbéal an chuid is mó de na Gaeilgeoirí ann. Níor éirigh leis an nGaeilge ach oiread focal atá comhbhríoch leis a chumadh, cé go bhfuil focail eile inti atá chomh gonta céanna.

Sceitheann blúirí Béarla isteach i dteangacha eile toisc gur Béarla atá ar eolas ag cainteoirí óga mar an dara nó an tríú teanga acu. Ar an dóigh chéanna tá Araibis na seanchoilíneachtaí Francacha i dtuaisceart na hAfraice breac le Fraincis. Ní hí an teanga Bhéarla amháin atá ag cúngú ar mhionteangacha an domhain, ach ise an teanga eadrána atá idir iad go léir. Is í an teanga is mó *cool* í, agus an teanga is mó gnó.

Rinne an Ghaeilge athchóiriú ar a lán focal as teangacha eile – caisleán, sagart, seomra, réice – ach ba dheacair athchóiriú a dhéanamh ar cool mura ndéanfá *cúil* de: *Is dóigh léi go bhfuil sí níos cúla ná aon duine eile*. Mo bharúil nach ndíleáfar cool ar an dóigh sin. Fanfaidh sé ina mheall beag Béarla ar nós a lán focal atá neadaithe anois sa Ghaeilge – so, OK, right, yes, no agus eile. Maireann teangacha ar scáth a chéile, agus ar scáth an chinn is treise acu go háirithe.



Teangacha sa mhargadh

Irish employers think more languages should be taught at school.

Is dóigh le heagraíocht na bhfostóirí in Éirinn, IBEC, nach bhfuil a ndóthain teangacha á bhfoghlaím ag daltaí scoile, rud a bhacann bláthú an gheilleagair. Tá siad ag iarraidh ar an rialtas teangacha eile a chur á múineadh seachas Béarla agus Gaeilge, go háirithe tríd an scéim *Teagasc Nua-Theangacha sa Bhunscoil* (TNT). Chuir an Roinn Oideachais an scéim ar bun dhá bhliain ó shin; anois tá sí á húsáid i 400 bunscoil. Ní chuirtear an iomarca treise ar an ngramadach inti féin ach múintear í le hamhráin, dánta agus cluichí. Tugann an Roinn Oideachais eolas do mhúinteoirí ar mhodhanna nua chun teanga a mhúineadh.

Cuireann IBEC béim ar thábhacht an chaidrimh i gcúrsaí gnó, ós iomaí margadh a dhéantar dá bharr. Dúirt urlabhra nach bhfuil IBEC ag iarraidh an Ghaeilge a bhrú i leataobh ach breis teangacha a chur ar fáil, go háirithe an Spáinnis, an tSeapánais agus an Rúisis. (Tá Conradh na

Gaeilge féin leis an IBEC ar an scéal seo.) Dúirt an t-urlabhraí go raibh Éire ar an tír ba mheasa as aon tír déag maidir le cumas teangacha iasachta sna bunscoileanna, de réir an eolais is nua ón OECD. Maidir leis na meánscoileanna, ba cheart go n-oirfeadh na teangacha a bhí á múineadh ann do chúrsaí cumarsáide an tsaoil atá anois ann:

Na daltaí a rinne páipéar teanga iasachta anuraidh ní dhearna ach 4% acu an scrúdú Spáinnise i gcomórtas le 75% i gcás na Fraincise. Ach tá an Spáinnis ar an dara teanga is mó a labhtar ar domhan i ndiaidh na Síne. Meastar go bhfuil an Spáinnis ag 332 milliún duine ó dhúchas i gcomórtas le 72 milliún cainteoirí dúchais Fraincise.

Na daltaí a rinne teangacha anuraidh rinne siad rogha an-traidisiúnta: Fraincis 75%, Gearmáinis 20%, Spáinnis 4% agus Iodáilis 0.5% (!).



iMeasc: an teanga ag filleadh abhaile

There are immigrants to Ireland who brought Irish with them. Now they are starting to organise.

Díol spéise í an litir a bhí in *The Irish Times* tamall ó shin (24/6/05). Mar seo a thosaíonn sí:

A Eagarthóir, a chara, - Baill den ghrúpa inimirceach *iMeasc* muid a thug Gaeilge linn go dtí Éire, agus tá fonn orainn cur i gcoinne phríomhalt 20 Meitheamh go láidir sa mhéid gur cuireadh in iúl gur Béarla seachas Gaeilge is rogha le daoine a bheas ag cur fúthu in Éirinn.

Tá os cionn 20 inimirceach an-líofa ag baint lenár ngrúpa, a cuireadh ar bun le déanaí, chomh maith le hÉireannaigh a bhfuil tuismitheoir amháin ar a laghad acu arb as tír eile dó, agus táimid ag bailiú baill nua go dúthrachtach.

Deir siad go bhfuil a bhformhór mór ag baint úsáid ghairmiúil as an teanga mar mhúinteoirí, aisteoirí, lucht léinn, chraoltóirí, lucht gnó agus eile, agus gur mhaith leo go mbeadh meas orthu mar dhream a bhfuil tábhacht ag teacht leo i gcónaí i saol na tíre. Tá seacht n-ainm leis an litir; orthu sin tá Ariel Killick (Astrálach a bhí diabhalta líofa sular bhain sí Éire amach), Alex Hijmans (Ollannach) agus Andreas Vögel (Gearmánach).



Windows trí Ghaeilge

As part of its foreign language project, and with the help of Foras na Gaeilge, Windows is making products available through Irish.

Tá pacáistí Gaeilge ar fáil anois do Windows XP agus d'Office 2003. Tá an tAire Gaeltachta sásta: is fusa do státseirbhísigh oibriú trí Ghaeilge feasta dá réir, dar leis. Ba mhór an stró na pacáistí a sholáthar; bhí baint ag Foras na Gaeilge, ag a lán comhlachtaí agus cainteoirí dúchais agus ag lucht léinn in Éirinn leis an obair, agus bhí 600,000 téarmaí le haistriú.

In Éirinn atá an Lárionad Microsoft um Cheapadh Earraí Eorpacha, áit a mbaintear feidhm as 27 teanga, agus is ann a thosaigh an obair seo. Beartaíodh leagan Gaeilge de na pacáí comhéadain a chuirtear anuas ina gcneas ar bhunleaganacha Windows, i dtreo go bhfuil Word, Excel, Outlook agus PowerPoint ar fáil sa teanga nua.

Tá na pacáistí ar fáil ó: www.microsoft.com/ireland agus ó: www.gaeilge.ie.



Ann nó as? Úsáid na Gaeilge

How many people actually use Irish regularly? This question encompasses Galltacht and Gaeltacht. In the latter, as a recent report makes clear, English is already the main or only language of many schools. The future of the language clearly lies elsewhere, and overseas Gaeilgeoirí have a part to play.

Sa bhliain 2002 léirigh na figiúirí gurbh fhéidir le 1.57 milliún duine in Éirinn a bhí trí bliana d'aois nó os a chionn Gaeilge a labhairt. Ceart go leor – ach ba dhaltaí scoile 76% acu sin, agus sa rang amháin a bhí a bhformhór sin ag labhairt Gaeilge. I gcás daoine a bhí 20 bliain d'aois nó os a chionn agus a dúirt go raibh labhairt na Gaeilge acu, níor labhair 87% acu an teanga níos mó ná uair sa tseachtain, má labhair siad í ar chor ar bith.

Sa bhliain 1996 bhí 60% de chainteoirí dúchais ag labhairt na teanga gach lá; sa bhliain 2002 bhí an figiúr sin íslithe go dtí 55%. Labhair an ceathrú cuid díobh Gaeilge níos lú ná uair sa tseachtain.

Rinne an saineolaí teanga Donncha Ó hÉallaithe staidéar ar son TG4 ar úsáid na teanga sa Ghaeltacht agus rinne sé amach go laghdófaí pobal an Gaeltachta ó 90,000 go dtí 27,000 dá gcuirfí critéir nua Choimisiún na Gaeltachta i bhfeidhm – i.e. go mbeadh Gaeilge á húsáid ag 50% ar a laghad de na daoine i dtoghlaigh áitiúil.

Béarla is mó atá á labhairt ag na daltaí i scoileanna Gaeltachta eatarthu féin, agus tá 10% acu ag fágáil na scoile gan Ghaeilge nó gán mhórán di, de réir staidéir mhóir a rinneadh faoi choimirce An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Béarla an príomhtheanga a úsáidtear i 40% de ranganna Ardteistiméireachta, agus tá cuid de na scoileanna ag múineadh trí Bhéarla ar fad. Trí Bhéarla a dhéantar cuid mhaith de ghnáthghnó na scoileanna sa Ghaeltacht. Deir an tuarascáil gur fíorbheagán scoileanna 'Gaeltachta' a bheidh ag múineadh trí Ghaeilge i gceann fiche bliain.

Deir Muireann Ní Mhóráin, príomhfheidhmeannach na Comhairle, nach mór a chur san áireamh gur rugadh an ceathrú cuid de na páistí sna scoileanna úd taobh amuigh den Ghaeltacht. Deir sí go bhfuil gá le breis múinteoirí, agus nach foláir an Ghaeilge a thugann múinteoirí óga leo ó na coláistí a fheabhsú go mór. Ach is léir i gcónaí go bhfuil an Ghaeltacht á mbá ag Béarla, agus is dócha go bhfuil sé ródhéanach anois an scéal a chur ina cheart.

Ní fios cá mhéad Gaeilgeoir atá le fáil thar lear – daoine a bheadh in ann comhrá a thabhairt duit. Sna Stáit a bheadh a bhformhór, agus tá cuid eile i gCeanada (féach an píosa thíos) agus sa Bhreatain, gan trácht ar na Gaeilgeoirí atá scaipthe go scáinte tríd an Eoraip. Anseo san Astráil tá scata díograiseoirí sna cathracha, go háirithe i Melbourne agus i Sydney. Is cosúil go rachaidh na Gaeilgeoirí i neart sna tíortha úd, agus tá cuid acu ag fágáil a loirg cheana ar shaol cultúrtha na teanga. Is deacair a rá faoi láthair cén rian buan a fhágfaidh an dream thar lear ar chúrsaí na teanga, ach b'fhiú suirbhé de shaghas éigin a dhéanamh orthu chun meastachán garbh féin a bheith againn ar a líon.

Is féidir a dhéanamh amach anois go bhfuil deireadh le ré na gcainteoirí dúchais traidisiúnta. Sna cathracha a thógfar cibé cainteoirí dúchais a bheidh ann feasta, nó a bhformhór mór ar aon chuma, agus an dá theanga ar a dtoil acu, rud a rachaidh i bhfeidhm ar dhul na Gaeilge. Ní hé seo an cuspóir a bhí ag Conradh na Gaeilge i dtús an fichiú haois, agus iad lán de dhóchas. Bhí rún acu an Ghaeilge a chur ag fás go borb ar fud na tíre. Is dócha go bhfuil níos mó Gaeilgeoirí líofa ann anois ná mar a bhí le céad bliain, ach tá na teanga ag tréigean na bpáirceanna.



Teanga an duine eile

Want to speak to someone who knows only Thai or Cantonese? Australia has the government-run Translating and Interpreting Service (TIS) for face-to-face or telephone interpreting and the translation of documents – a service which has existed since 1973.

Sna seachtóidí a thosaigh ilchultúrú oifigiúil na hAstráile, agus bhí TIS (an tSeirbhís Theangaireachta agus Aistriúcháin) ar cheann de na torthaí ab áisiúla a tháinig air - seirbhís a chuir ar chumas daoine ar bheagán Béarla iad féin a chur in iúl do na húdaráis agus eile trí theangaire. Tá an tseirbhís fós ann agus leathnú déanta uirthi. Anois déanfaidh TIS cáipéisí a aistriú duit, agus is mór an áis don Bhéarlóir féin í.

Tá fáil ar theangairí ar fáil de ló is d'óiche ar fud na tíre, agus cead ag gach duine agus ag gach eagraíocht feidhm a bhaint astu. Níl le híoc ach costas scairte áitiúla. Tá os cionn céad teanga ar fáil tríd an tseirbhís, agus os cionn 2000 duine ag obair di. Tugtar tús áite do dhaoine a bhfuil cáilíocht NAATI (*National Accreditation Authority for Translators and Interpreters*) acu, agus féadann TIS teangairí a sholáthar atá ina speisialtóirí leighis, dlí agus eile. Is féidir leo teacht chugat nó cuidiú leat ar an nguthán.

Thosaigh TIS mar sheirbhís d'inimircigh. Anois tá feidhm á baint aisti ag teifigh, ag ranna rialtais, ag ambasáidí, ag comhlachtaí, ag na póilíní, ag lucht léinn agus taighde agus ag mórán eile.

Déanann TIS ábhar de gach saghas a aistriú go Béarla nó go teangacha eile – paimhléid, altanna, litreacha, cáipéisí agus eile. Tá seirbhís bhreise ann a phléann le ceistanna stíle, cultúir agus friotail i dteacsanna deacra. Is féidir le TIS eagarthóireacht, leagan amach agus athscríobh a dhéanamh freisin.

Tá táillí le híoc as an gcuid is mó den obair a dhéanann TIS, ach uaireanta tá seirbhís saor in aisce le fáil ag inimircigh a bhfuil cead buanchónaithe acu agus ag teifigh.

Tá TIS le fáil ar **131 450**.

NAATI:

Tá cáilíochtaí le fáil ar cheithre leibhéal: *a.* teangaire leathghairmiúil; *b.* teangaire nó aistritheoir; *c.* teangaire comhchruinnithe nó aistritheoir ardleibhéal; *d.* teangaire comhchruinnithe (sinseartha) nó aistritheoir ardleibhéal (sinseartha).

Tá Riail Ghairmiúil ag teangairí a thugann orthu teangaireacht chruinn a dhéanamh, gan do rún a ligean le haon duine, a bheith neamhchlaonta, agus iad féin a iompar mar is cuí i gcónaí.



An Ghaeilge agus an Aontas Eorpach

Irish has at last been accepted as an official working language of the European Union – in spite of the fact that most EU bureaucrats think that Irish is a dialect of English. The new status of Irish in Brussels may have an interesting effect on its status in Ireland.

Teanga oibre oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh is ea an Ghaeilge anois tar éis moill tríocha bliain. Anois is féidir le Feisirí Éireannacha labhairt leis an bparlaimint i nGaeilge – an t-aonú teanga oibre is fiche san AE. Na príomhcháipéisí amháin a aistreofar – na cinn a eascróidh as comhshocrú idir Parlaimint na hEorpa agus na hAirí. Ach deir an Feisire Eorpach Seán Ó Neachtain go measann go leor feidhmeannach sa Bhruiséal nach bhfuil sa Ghaeilge ach canúint den Bhéarla agus gur deasghnáth cultúrtha amháin é Gaeilge a labhairt ag ollchruinniú

parlaiminte. Ar éigean a chuirfeadh an t-aineolas seo iontas ar Ghaeilgeoirí; rinne teip na hAthbheochana (cibé ciall atá leis an bhfocal sin) teanga phríobháideach na ndíograiseoirí den Ghaeilge, cé go bhfuil cuma phoiblí ag teacht uirthi faoi dheireadh. Ar an taobh eile de, beidh Éireannaigh in ann Gaeilge nó Béarla a áireamh mar an dara teanga oibre acu agus iad ag cur isteach ar phost san AE.

Tá tasc eile le cur i gcríoch anois: teangairí oilte agus aistritheoirí a chur ar fáil. An tAontas Eorpach féin a dhíolfaidh as seo, agus beidh costas timpeall 3.5 milliún euró ag gabháil leis. Is aisteach an scéal é agus moill chomh mór sin ar chomhlachtaí stáit na hÉireann a gcuid tuarascálacha a chur amach i nGaeilge cheal aistritheoirí cumasacha. Tríd is tríd rachaidh aitheantas ón AE ar sochar don teanga, cé go mbeidh sí srianta go maith mar theanga oibre. Gheobhaidh sí níos mó aitheantais phoiblí san AE ná mar a fhaigheann sí faoi láthair in Éirinn, agus deirtear go bhfuil roinnt de na Feisirí Eorpacha is lú Gaeilge ag neartú a gcuid den teanga chun nach dtabharfaidís náire a dtíre.

Ach ní hé seo an chéad uair a bhí Gaeilge á húsáid mar theanga oibre sa Bhruiséil. Sna blianta 1971 agus 1972 bhí ceithre náisiún breise ag réiteach aontachais leis an gComhphobal Eorpach, agus foirne aistriúcháin ann ag plé le hocht dteanga. Ar na teangacha sin bhí an Ghaeilge, agus foireann ó Éirinn ann dá réir. Tá cuntas againn ar an obair sin ó lámh Sheáin Uí Lúing, údar a rugadh i mBaile an Fheirtéaraigh agus a chaith na blianta fada i Rannóg Aistriúcháin an Oireachtais sular cuireadh é féin agus scata eile go dtí an Bhruiséil (*In Ardchathair na hEorpa: Nótaí Fánacha*, Seán Ó Lúing, Sairséal agus Dill 1976).

Deir an Lúingeach gurbh é riar na foirne i gcás gach tíre, go raibh líon áirithe aistritheoirí agus líon áirithe dlítheolaithe-teangeolaithe ar gach foireann:

Tugadh an ceart céanna do Ghaeilge sa Bhruiséil agus a tugadh do gach teanga eile. Áiríodh í ar gach uile chruinniú Dlítheolaithe-Teangeolaithe ina raibh dréachta á bplé. Léití amach í i dteannta na dteangacha eile gach uair a bhí blúire nua aistriúcháin á breithniú, mar ba é an riail é gach mír nua a léamh sna hocht dteangacha agus dá mbeadh ceartú nó feabhsú le moladh ag éinne bhí a chead sin aige.

Bhí deis ag an bhfoireann blas a fháil ar an mBruiséil agus ar a cuid caiféanna ilchultúrtha, ach nuair a tháinig an crú ar an tairne bhí bhroid an diabhair orthu.

Nuair a bhíodh obair an-phráinneach ar siúl agus gan caoi againn scor, thugtaí isteach ceapairí agus beoir mar lón agus ní bhfaighimis aga a gcaite ach ar éigean. Thugamar lá amháin ag gabháil do théacs talmhaíochta go dtí tuairim meán oíche agu sinn ag cúnú go dian ar an scríbhinn an t-am go léir, mar bhí leasuithe agus athruithe á dtairiscint agus agus á ndéanamh go tiubh agus níor mhór bheith id lándúiseacht agus suas leis an obair.

Thug sé faoi deara gur Francisc a bhí i réim i ngnóthaí an Chomhphobail:

Bhíos tar éis trí uair an chloig a chaitheamh im shuí i seomra le scata fear, scór acu abair, ó gach tír in Iarthar na hEorpa agus ní raibh aon duine acusan gan togha na Francisc aige, fara lena theanga féin agus teanga nó dhó eile lena chois sin arís ag cuid acu. Sin é an t-am a tuigeadh dom go raibh bearna im chuid foghlama cheal Francisc, mar ní Francisc naíonán a bhí ar siúl acu siúd ach canúint a tháinig ina sconna mearlabhartha a d'fhág dall tú ar cad a bhí ar siúl agus bhí an t-easnamh sin am shárú gach lá riamh den tréimhse a chaitheas sa Bhruiséil. Tá sé ráite go mbrúfar Béarla chun cinn san Eoraip nuair a thiochfaidh an Bhreatain isteach ann, ionas go mbeidh sé chun tosaigh ar na teangacha eile. Tá breall ar an té a deir. D'fhéadfadh ar ball go mbeadh breis tábhachta leif, ach is rídheacair a mheas go mbainfidh sí ceannas den Fhraincis.

Is léir ón leabhar go raibh léamh na Fraincise ag an údar, cibé easpa a mhothaigh sé a bheith ar a chuid cainte. Ach tá an bua ag an mBéarla san Aontas Eorpach; tá tábhacht fós leis an bhFraincis, ach is í an teanga eile atá chun tosaigh. Cá bhfágann sin an Ghaeilge? Go fiú mura féidir le feidhmeannaigh na Bruiséile Gaeilge a aithint thar Bhéarla, cuireann stádas nua na teanga san AE lena stádas sa bhaile, agus deirtear gurb é an gradam seo an rud is tábhachtaí nuair atá dhá theanga i gcoimhlint lena chéile ar feadh tamaill fhada. Dá mhéad iad na rudaí is féidir a dhéanamh trí theanga is ea is mó an gradam sin, agus bíonn fonn ar dhaoine í a fhoghlaim dá réir. Ach anois ní folair leithéidí Uí Lúing a fháil chun na hoibre sa Bhruiséil.



Scéala ó Ceanada

We hear more of Irish speakers in the States than in Canada, but the latter are very active – not surprisingly, perhaps, given the large numbers of native speakers who made Canada their home in the 19th century. Among the modern language activists is Aralt Mac Giolla Chainnigh, who furnished the information below.

Bhí Gaeilgeoirí Ceanada sásta go maith leis an tSeachtain Samhraidh a bhí acu sa bhliain 2004 - bhí caoga duine ann, gan trácht ar chuairteoirí. Rang ardleibhéil (ceardlann múinteoirí le Seán Ó Briain as Éirinn) acu, rang meánleibhéil agus rang do pháistí agus do dhéagóirí. Díol spéise é cead isteach a bheith ag muintir na háite agus ceithre dhuine dhéag acu a bheith ag ceardlann aonlae do thosaitheoirí.

Is mór an buntáiste gan an t-achar céanna a bheith idir Ceanada agus Éire agus atá idir Éire agus an Astráil. Chaith Aralt Mac Giolla Chainnigh agus agus a chomhGhaeilgeoir Séamus Mac Con Charraige sé seachtaine in Éirinn anuraidh, agus thapaigh siad an deis chun scéal a dtionscadail féin a scaipeadh ar an raidió agus ar na nuachtáin. Deir Aralt go raibh suim ag forais Ghaeloideachais na hÉireann (Oideas Gael, Gaeltalk, An Chrannóg, Scoil Samhraidh Mhic Reachtain) i dtionscadal Gaeilge Ceanada mar gheall ar a ndlúthbhaint féin leis an teanga agus ar na Gaeilgeoirí a sholáthrófar ó Mheiriceá Thuaidh – daoine a mbeidh suim acu ina gcuid cláracha siúd. Chuaigh Aralt agus Séamas chun cainte le Foras na Gaeilge freisin ar lorg maoinithe. Ba léir ón turas seo gurbh fhiú dóibh duine a chur anonn go hÉirinn gach bliain chun caidreamh a choinneáil le lucht na Gaeilge ann (tairbhe an chónaigh arís).

Tá fístéip bholscaireachta beagnach críochnaithe ag na Ceanadaigh, agus táthar lena cur go dtí CBC (Corporáid Chraolacháin Ceanada), dream a raibh siad ag caint leo cheana faoi fhoireann scannánaíochta a theacht chun ceann de na hócáidí Gaeilge. (B'fhada go n-áiteomis ar an ABC a leithéid a dhéanamh, agus níorbh fhurasta é a áiteamh fiú ar SBS.)

Tá na Ceanadaigh ag iarraidh i gcónaí píosa talaimh a cheannach dóibh féin; bhí spéis acu in áit saoire atá ag críochantacht le réimse d'fhoraos náisiúnta, ach mura gceannaítear an talamh seo tá a ndóthain airgid acu chun áit chúí a cheannach i gceann dó nó trí de bhlianta.

Tá teacht ar Aralt ag: kenny-h@rmc.ca.



Mura mian leat *An Lúibín* a fháil cuir teachtaireacht dá réir chun: colger@melbpc.org.au.